**An Bhruiséil, 20 Márta 2025**
**(OR. en)**

**EURO 504/25**

**EUROSUMMIT 2**
**TSGC 5**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú Mullaigh Euro (20 Márta 2025)<br>- Ráiteas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an ráiteas ar thángthas ar chomhaontú ina leith ag an gCruinniú Mullaigh Euro thuasluaite.

**<u>Ráiteas ón gCruinniú Mullaigh Euro, ag teacht le chéile dó i bhformáid chuimsitheach</u>**

1. Phléamar an staid reatha eacnamaíoch agus airgeadais. D'ainneoin na timpeallachta dúshlánaí a bhí ann le blianta beaga anuas, tá athléimneacht shuntasach léirithe ag ár gcuid geilleagar. Le beartais dhea-chomhordaithe fhónta, áirithíodh an chobhsaíocht eacnamaíoch agus leis an laghdú a tháinig ar an mboilsciú, tugadh an t-ioncam indiúscartha teaghlaigh chun téarnaimh agus cuireadh feabhas ar na dálaí maoiniúcháin lena dtacaítear leis an infheistíocht aimsir gaoithe gainne. Tá an margadh saothair athléimneach i gcónaí. Mar sin féin, tá méadú breise tagtha ar na rioscaí agus na héiginnteachtaí geopholaitiúla. Leanaimid de bheith ag obair go diongbháilte as lámha a chéile agus é de rún againn athléimneacht agus iomaíochas ár gcuid geilleagar a mhéadú.

2. Agus an litir ó Uachtarán an Ghrúpa Euro an 12 Márta 2025 á tabhairt dár n-aire, iarraimid an athuair ar an nGrúpa Euro dlúthfhaireachán a dhéanamh ar a bhfuil ag tarlú ó thaobh cúrsaí eacnamaíochta agus airgeadais de.

3. Táimid tiomanta do bheartais mhaicreacnamaíocha fhónta dhea-chomhordaithe a áirithiú lena bhfeabhsófar an táirgiúlacht agus lena méadófar an infheistíocht, d'fhonn geilleagair níos láidre a chothú as a dtiocfaidh fás inbhuanaithe agus níos cuimsithí. Molaimid don Ghrúpa Euro a bheith san airdeall agus faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sa bheartas fioscach trí chomhordú a chothú chun rannchuidiú le meascán comhleanúnach beartas.

4. Leagaimid béim ar an bpráinn agus an fhreagracht chomhroinnte a bhaineann le dul chun cinn tapa cinntitheach a dhéanamh maidir le hAontas Coigiltis agus Infheistíochta agus béim ar leith á leagan ar Aontas na Margaí Caipitil chun coigilteas a shlógadh agus chun leas a bhaint as maoiniú na n-infheistíochtaí riachtanacha chun tacú le hiomaíochas an Aontais. I saol atá níos ilroinnte agus níos digití, tá sé ríthábhachtach dlús a chur leis an dul chun cinn maidir le euro digiteach chun tacú le córas íocaíochta Eorpach iomaíoch athléimneach, chun cur le slándáil eacnamaíoch na hEorpa agus chun ról idirnáisiúnta an euro a neartú. Iarraimid ar Uachtarán an Ghrúpa Euro tuairisc rialta a thabhairt ar an dul chun cinn a dhéanfar maidir leis na tionscnaimh sin.

5. Is díol sásaimh dúinn an dul chun cinn atá déanta ag an mBulgáir maidir leis an euro a ghlacadh, bunaithe ar na critéir a comhaontaíodh. Táimid ag súil leis na measúnuithe ón gCoimisiún agus ón mBanc Ceannais Eorpach.

---